An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

# An Coiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge

## Miontuairiscí - Cruinniú 15 – 27 Bealtaine 2024

**LÁTHAIR:** Reáchtáilte go Fíorúil trí Zoom

**DÁTA:** Dé Luain, an 27 Bealtaine 2024

**AM:** 14:00 – 14:30

**I LÁTHAIR:**

| Ainm | Eagraíocht | Ról |
|---|---|---|
| An Dr. Aodhán Mac Cormaic | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán | Cathaoirleach |
| John Howlin | An Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe | Comhalta |
| Elaine Bird | An Roinn Coimirce Sóisialaí | Comhalta |
| Stephen McGrath (thar ceann Mags Campbell) | An Roinn Oideachais | Comhalta |
| Sinéad Coleman | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | Comhalta |
| Breandán Mac Craith | Foras na Gaeilge | Comhalta |
| John Prendergast | Pobail Ghaeltachta | Comhalta |
| Mairéad Ní Ghabháin | Pobail Teanga lasmuigh den Ghaeltacht | Comhalta |
| Eithne Fox | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | Comhalta |
| Jim Molloy | An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil | Comhalta |
| Sadhbh Ó Cinnseala | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | Príomhoifigeach an Aonaid |
| Emily Maloney | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | Rúnaí |

**IN EASNAMH LE LEITHSCÉAL:**

- Ní raibh an Ceannfort David Kelly, ionadaí an Gharda Síochána, in ann freastal ar an gcruinniú.

**PRÍOMHCINNTÍ TÓGTHA:**

- Aontaíodh miontuairiscí an chruinnithe an 2 Bealtaine 2024;
- Aontaíodh go mbeadh na chéad chruinnithe eile den Choiste Comhairleach ar siúl Dé Luain, an 10 Meitheamh 2024 agus Dé Luain, an 17 Meitheamh 2024.

## PLÉ AR AN gCLÁR INA IOMLÁINE:

1. **Fáilte ón gCathaoirleach:**
    - Cuireadh tús leis an gcruinniú le ráiteas oscailte ó Chathaoirleach an Choiste, an Dr. Aodhán Mac Cormaic.

2. **Miontuairiscí na gCruinnithe roimhe sin:**
    - Aontaíodh miontuairiscí chruinnithe an 2 Bealtaine 2024.

3. **Forbairt an Phlean Náisiúnta:**
    - Rinneadh plé ginearálta ar na hamlínte chun an Plean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge a chur faoi bhráid an Aire, mar aon leis na príomh-thorthaí ón taighde agus na moltaí a bheifear ag cur chun cinn ina leith.

4. **Tráchtaireacht faoin gCoiste sna Meáin:**
    - Dúradh go raibh ailt agus agallaimh éagsúla ábhartha sna meáin ón gcruinniú deireanach, mar seo a leanas:
        - Alt dar dáta an 6 Bealtaine 2024 san Irish Times maidir le soláthar seirbhísí sláinte agus an Ghaeilge.
        - Ailt agus agallaimh éagsúla maidir le tuarascáil bhliantúil an Choimisinéara Teanga:
            - dar dáta an 9 Bealtaine 2024 ar Adhmhaidin agus Morning Ireland;
            - dar dáta an 9 Bealtaine 2024 ar Tuairisc.ie maidir leis na heasnaimh thromchúiseacha i seirbhísí stáit i nGaeilge de réir thuarascáil bhliantúil an Choimisinéara Teanga;
            - dar dáta an 9 Bealtaine 2024 ar Tuairisc.ie maidir le sáruithe éagsúla ar an reachtaíocht teanga ag Comhlachtaí Poiblí;
            - dar dáta an 9 Bealtaine 2024 ar RTÉ maidir leis an méadú ar fhógraíocht i nGaeilge;
            - dar dáta an 9 Bealtaine 2024 san Irish Times maidir le treocht leanúnach na ngearán a fhaigheann an Coimisinéir Teanga gach bliain agus go mbeidh ar an Stát dul i ngleic leis na "bearnaí móra" sna seirbhísí poiblí a chuirtear ar fáil do phobal na Gaeilge;
            - dar dáta an 10 Bealtaine 2024 sa Daily Mail (ROI) maidir le ganntanas foirne san earnáil phoiblí a bhfuil scileanna maithe Gaeilge acu agus méadú ar ghearáin faoi sholáthar seirbhísí trí Ghaeilge;
            - dar dáta an 20 Bealtaine 2024 san Irish Times maidir leis an ngá atá le leibhéal cuí inniúlachta teanga a bheith sa státchóras chun go mbeadh muinín ag pobal na Gaeilge as na seirbhísí a chuirtear ar fáil sa chéad teanga oifigiúil.

- dar dáta an 13 Bealtaine 2024 san Irish Independent maidir le conas is féidir le soláthar seirbhíse poiblí breise trí mheán na Gaeilge cabhrú léi a bheith ina teanga laethúil arís.
- dar dáta an 17 Bealtaine 2024 ar Tuairisc.ie maidir le Raidió na Gaeltachta ag cur deireadh le fógraí Gaeilge 'dothuigthe'.
- dar dáta an 24 Bealtaine 2024 ar Tuairisc.ie maidir le himní go bhfuil duine gan Ghaeilge le ceapadh chuig post sinsearach ar Bord Oideachais agus Oiliúna do chontae Gaeltachta agus tagairt ar leith don Phlean Náisiúnta um Seirbhísí Poiblí Gaeilge maidir le moltaí earcaíochta.

**5. Dáta don Chéad Chruinniú Eile:**

- Aontaíodh go mbeadh na chéad chruinnithe eile den Choiste Comhairleach ar siúl Dé Luain, an 10 Meitheamh 2024 agus Dé Luain, an 17 Meitheamh 2024.

**6. Aon Ghnó Eile:**

- Pléadh tuarascáil an Choiste Chomhairligh faoi Alt 18E den Acht atá le cur i gcrích faoi dheireadh mhí an Mheithimh; agus
- Pléadh ról an Choiste Chomhairligh sna caighdeáin teanga.



| | |
|---|---|
| ______________________ | 10 Meitheamh 2024<br>______________________ |
| **Rúnaí** | **Dáta Faofa** |